



IONSTRAIMÍ REACHTÚLA.

I.R. Uimh. 709 de 2021



AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA
TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 3), 2021

I.R. Uimh. 709 de 2021

AN tORDÚ UM ACHT NA GAELTACHTA, 2012 (LIMISTÉIR PLEANÁLA
TEANGA GHAELTACHTA A AINMNIÚ) (UIMH. 3), 2021

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012) (arna oiriúnú leis an Ordú Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú) 2020 (I.R. Uimh. 403 de 2020)) agus an tOrdú Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán (Feidhmeanna Aire a Tharmligean), 2020 (I.R. Uimh. 547 de 2020), déanaimse, JACK CHAMBERS, Aire Stáit ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, leis seo an t-ordú seo a leanas:

1. Féadfar an tOrdú um Acht na Gaeltachta, 2012 (Limistéir Pleanála Teanga Ghaeltachta a Ainmniú), (Uimh. 3), 2021 a ghairm den Ordú seo.
2. Tá an limistéar a shonraítear sa Sceideal ainmnithe mar Limistéar Pleanála Teanga Ghaeltachta chun críocha alt 7(2) d’Acht na Gaeltachta, 2012 (Uimh. 34 de 2012).

SCEIDEAL

Limistéar Pleanála Teanga: Toraigh, Co. Dhún na nGall

- (1) An chuid sin de thoghroinn ceantair Mhín an Chladaigh i gContae Dhún na nGall atá comhdhéanta den bhaile fearainn seo a leanas: Toraigh.

Arna thabhairt faoi mo lámh,
8 Nollaig 2021.

JACK CHAMBERS,

Aire Stáit ag an Roinn Tuarasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
52 FAICHE STIABHNA, BAILE ÁTHA CLIATH 2,
D02 DR67.

Tel: 076 110 6834
r-post: publications@opw.ie

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
52 ST. STEPHEN'S GREEN, DUBLIN 2,
D02 DR67.

Tel: 076 110 6834
E-mail: publications@opw.ie

€1.50

